



An Roinn Oideachais
Department of Education

Socruithe Measúnachta

Do na Scrúduithe Teastais 2022



Rinneadh coigeartuithe breise ar na scrúdpháipéir i mí an Feabhra 2022, agus tá rochtain orthu anseo.

Is coigeartuithe sa bhreis iad seo ar na coigeartuithe a rinneadh roimhe seo. Mar sin féin, i gcásanna áirithe, glacann na coigeartuithe breise seo ionad na gcoigeartuithe a leagtar amach sa cháipéis seo.

Lúnasa 2021



20 22

Réamhrá

Leagtar amach sa doiciméad nuashonraithe seo na socrúithe measúnachta leasaithe do scoláirí iarbhunscoile a dhéanfaidh scrúduithe teastais sa scoilbhliain 2021/22. Tá na socrúithe seo deartha chun an cur isteach ar fhoghlaim na scoláirí i rith na paindéime COVID-19 a chur san áireamh. Thángthas ar na hoiriúnuithe trí phlé idir an Roinn Oideachais (RO), Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus croípháirtithe leasmhara.

Toisc go bhfuil uathriail shuntasach ag scoileanna maidir le cinneadh a dhéanamh ar conas foghlaim a chur in ord agus a eagrú do scoláirí ina gcuid scoileanna féin, ní bheadh aon leasú, a leagfaí síos go lárnach ar an gcuraclam agus ar chúrsaí staidéir, éifeachtach do scoláirí atá ag tabhairt faoi na scrúduithe teastais in 2022. Dá bharr sin, is é an bealach is iomchuí chun na dúshlán a tharla do scoláirí a léiriú agus a chur san áireamh ná leasuithe ar na scrúduithe teastais a ionchorprú in

2022, ar aon dul leis na coigeartuithe tosaigh a rinneadh ar son na scoláirí a thug faoi na scrúduithe sin in 2021.

Os rud é go raibh tionchair éagsúla ag cailteanas na foghlama trí dhúnadh scoileanna ar rannpháirtíocht na scoláirí ina gcúrsa staidéir, beidh na hoiriúnuithe a chuirfear i bhfeidhm ar leas bhuanna na scoláirí agus fágfar gnáthstruchtúr foriomlán na scrúduithe slán. I roinnt cásanna, cuirfidh na bearta leasaithe breis ama ar fáil don teagasc trí, mar shampla, an obair ullmhúcháin do scrúduithe praiticiúla a laghdú. Ina theannta sin, eiseofar faisnéis maidir le hobair chúrsa níos luaithe sa scoilbhliain.

Rinneadh athruithe ar na socrúithe measúnaithe náisiúnta agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabail an chothromais, na cothroime agus na hiomláine, mar baineann na prionsabail sin le measúnú agus le scrúduithe agus tagraíonn siad do chomparáidí idir scoláirí, de réir ábhair agus de réir bliana. Ar an iomlán, is féidir féachaint

ar na hathruithe mar léiriú agus aitheantas cóir ar chailteanas an ama foghlama cheana féin, ag cur san áireamh roinnt cailteanas foghlama teagmhasach a d'fhéadfadh tarlú le linn na scoilbhliana 2021/22 freisin. Soláthraítear leis na socrúithe sin soiléireacht, cinnteacht agus dearbhú do scoláirí, dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, do mhúinteoirí agus do scoileanna roimh thús na scoilbhliana 2021/2022.

Sonraítear sa doiciméad seo na socrúithe measúnachta leasaithe do gach ábhar/tuairiscín modúil san Ardteistiméireacht bhunaithe, san Ardteistiméireacht Fheidhmeach, i nGairmchlár na hArdteistiméireachta agus i gclár na Sraithe Sóisearaí. Nuair a chliceálann tú ar theideal an ábhair chuí, tabharfar chuig an leathanach thú ina sonrú ar na socrúithe áirithe don ábhar sin.

An tSraith Shinsearach

AN TSRAITH SHINSEARACH

Do scrúduithe na hArdtestiméireachta bunaithe, na hArdteistiméireachta Feidhmí agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta, ní bheidh aon athrú ar fhad na scrúduithe scríofa. Maidir le hábhair na hArdteistiméireachta bunaithe, cuirfear roghanna breise ar fáil ar na scrúdpháipéir, mar a leagtar amach ar leathanach an ábhair chuí.

Maidir le hábhair ina n-eisíonn CSS faisnéis maidir le tionscadail le linn na scoilbhliana 2021/22, is é atá i gceist de ghnáth iad sin a eisiúint ceithre seachtaine ar a laghad níos luaithe ná mar is gnách. Moltar do mhúinteoirí na tionscadail sin a phleanáil agus a chur i gcrích a luaithe agus is féidir, le linn an chláir staidéir, i gcomhthéacs na mbeart a bhaineann le comhairle sláinte poiblí ag an am. I gcás na n-ábhar sin inar foilsíodh mionfhaisnéis an obair chúrsa le linn na scoilbhliana 2020/21 agus a chaithfear a chur chun críche ar dháta le linn na scoilbhliana 2021/22, cuirfear na gnáth-spriocdhátaí lena gcomhlánú i bhfeidhm.

Is féidir teacht ar na socrúithe measúnaithe coigeartaithe don ATF agus don GCAT trí chliceáil a dhéanamh ar theideal an chláir ar dheis.



Rinneadh coigeartuithe breise ar na scrúdpháipéir i mí an Feabhra 2022, agus tá rochtain orthu anseo.

Is coigeartuithe sa bhreis iad seo ar na coigeartuithe a rinneadh roimhe seo. Mar sin féin, i gcásanna áirithe, glacann na coigeartuithe breise seo ionad na gcoigeartuithe a leagtar amach sa cháipéis seo.

Cuntasaíocht	Eolaíocht Talmhaíochta	Sean-Ghréigis
Mata Feidhmeach	Araibis	Ealaín (lena n-áirítear Ceardaíocht)
Bitheolaíocht	Gnó	Ceimic
Staidéar Clasaiceach	Eolaíocht Ríomhaireachta	Staidéar Foirgníochta
Grafaic Dearaidh agus Cumarsáide	Eacnamaíocht	Innealtóireacht
Béarla	Fraincís	Tíreolaíocht
Gearmáinis	Léann Eabhrach	Stair
Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta	Gaeilge	Iodáilis
Seapáinis	Laidin	Matamaitic
Ceol	Fisic & Ceimic	Corpoideachas
Fisic	Liotuáinis	Mandairínis
Polainnis	Polaitíocht agus an tSochaí	Portaingéilis
Oideachas Reiligiúnach	Rúisis	Spáinnis
Teicneolaíocht	Teangacha Neamhchuraclaim	
Clár an Ardteistiméireacht Fheidhmeach	Liosta de Chomhphárteanna Measúnaithe	

An tSraith Shóisearach

AN TSRAITH SHÓISEARACH

Maidir leis an tSraith Shóisearach, d'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) na socruithe athbhreithnithe do Mheasúnuithe Rangbhunaithe (MRB) do scoláirí atá ag gabháil isteach sa tríú bliain in 2021, agus tá siad ar fáil anseo:

Socruithe athbhreithnithe MRB do scoláirí sa tríú bliain in 2021/22.

Ní mór do gach scoláire MRB amháin ar a laghad a chur i gcrích i ngach ábhar agus i ngach gearrchúrsa. Tá síneadh ama curtha leis na dátaí chun MRB1 a chur i gcrích sa scoilbhliain nua, i gcás an chuid is mó de na hábhair. Níor cuireadh síneadh ama leis na spriocdhátaí le haghaidh MRB 1 a chur chun críche i gcás na n-ábhar seo a leanas: Amharc-Ealaín, Teicneolaíocht Fheidhmiúil, Innealtóireacht, Grafaic agus Teicneolaíocht ábhar – Adhmad, toisc go dtosaíonn an MRB2 agus an obair phraiticiúil/tionscadail sna hábhair sin go luath sa scoilbhliain. Ní cheanglófar ar scoláirí a dhéanfaidh na scrúduithe deiridh sa tSraith Shóisearach in 2022 Tascanna Measúnaithe a dhéanamh do na hábhair bhainteacha. Beidh an tuairiscín grád a bhronnfar ar na hábhair seo bunaithe ar an bpáipéar scrúdaithe amháin. Tá socruithe ar leith curtha i bhfeidhm maidir le Ceol, Amharc-Ealaín, Eacnamaíocht Bhaile, Teicneolaíocht ábhar – Adhmad, Teicneolaíocht Fheidhmiúil, Innealtóireacht agus Grafaic agus mionsonraítear iad sin sa mhír chuí.

Ealaín	Staidéar Gnó	Léann Clasaiceach
Béarla	Fraincis	Germáinis
Tíreolaíocht	Stair	Eacnamaíocht Bhaile
Gaeilge	Grafaic	Iodáilis
An Léann Giúdach	Innealtóireacht	Matamaitic
Ceol	Oideachas Reiligiúnach	Eolaíocht
Spáinnis	Theicneolaíocht Adhmaid	Teicneolaíocht Fheidhmeach

LEIBHÉAL

Ard & Gnáth

SOCRÚ REATHA

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Cuid 1 - Cuntasaíocht Airgeadais
C1 - 120 marc

C2, C3, C4 - freagair dhá cheann ar bith

Cuid 2 - Cuntasaíocht Airgeadais

Cuid 3 - Cuntasaíocht Bainistíochta

ATHRÚ I SCRÚDÚ 2022

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Soláthrófar C1 malartach breise (Aonair/
Cuideachta/Déantúsaíocht) chun rogha a
sholáthar.

C2, C3 agus C4 - gan aon leasú.

Beidh C. 5 ar Léirmhíniú na gCuntas

Gan aon leasú.



EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA

LEIBHÉAL

SOCRÚ REATHA

ATHRÚ | SCRÚDÚ 2022

Ard & Gnáth

OBAIR CHÚRSA

OBAIR CHÚRSA

Tá treoir bhreise maidir leis an Mionteagasc ar fáil i Nóta Faisnéise CSS

SCRÚDÚ SCRÍOFA

SCRÚDÚ SCRÍOFA

- Is é 300 marc an marc iomlán don pháipéar scríofa.
- Maireann an páipéar 2.5 uair an chloig don dá leibhéal.
- Dearfar an páipéar samplach a fhoilseofar i bhFómhar 2020 chun páipéir scrúdaithe ó 2022 ar aghaidh a eiseamláiriú. Beidh dhá roinn ann, A agus B

Ní dhéanfar aon choigeartú ar an marc formiomlán a dháilfear ná ar fhad an scrúdaithe. Déanfar na coigeartuithe seo a leanas ar an scrúdpháipéar:

- » I Roinn A beidh sraith ceisteanna gearra neamhghaolmhara ann (10 gceist ag 10 marc an ceann) (beidh cuid acu struchtúrtha, cuid acu sionoptach agus i gcuid eile beidh meascán den dá cheann ann). Roinnt rogha inmheánach ar dhá cheist.
- » I Roinn B beidh ceisteanna fada ann (cúig cheist ann agus ceithre cheist le freagairt ag 50 marc an ceann), agus ina measc beidh ceisteanna struchtúrtha, ceisteanna sionoptacha agus meascán den dá chineál ceiste ann.
- Roinn A – méadófar ar an rogha, beidh ar an iarrthóir 10 gceist a fhreagairt as an 12 cheist a sholáthrófar. Ina theannta sin, cuirfear roinnt roghanna inmheánacha ar fáil trí roghnaíocht a thabhairt laistigh de cheithre cheist.
- » Roinn B – méadófar ar an rogha, beidh ar an iarrthóir 4 cheist a fhreagairt as an 6 cheist a sholáthrófar, agus cuirfear roghanna inmheánacha ar fáil i ndá cheist.



SCRÚDÚ SCRÍOFA

Iomlán de 4 cheist

- Ceist 1
- Ceist 2
- Ceist 3

Téacs atá leagtha síos* (féach thíos)

Freagair Cuid A (i) Aistrigh ón nGréigis agus (ii) Freagair trí cheist ar bith as cúig cheist san iomlán

nó Cuid B (i) Aistrigh ón nGréigis agus (ii) Freagair trí cheist ar bith as cúig cheist san iomlán
- Ceist 4

Freagair trí cheist (ar stair, ealaín agus ailtireacht, agus litríocht).

Ceann ó roinn A (ceithre cheist san iomlán).

Ceann ó roinn B (ceithre cheist san iomlán).

Agus ceann ó cheachtar roinn.

*Téacs atá leagtha síos

The Joint Association of Classical Teachers' Greek Course: *The Intellectual Revolution* (arna fhoilsiú ag Cambridge University Press, 2ú leagan 2015): Cuid III Plato, Leathanaigh 131 – 151, leathanach 131 agus leathanach 151 san áireamh. (Sleachta sa Ghréigis agus sleachta aistrithe, ó *Apology* and *Phaedo* le Plato)

nó

The Joint Association of Classical Teachers' Greek Course: *A World of Heroes* (arna fhoilsiú ag Cambridge University Press, 2ú leagan 2015): Cuid I Homer, Leathanaigh 6 – 53, leathanach 6 agus leathanach 53 san áireamh. (Sleachta sa Ghréigis agus sleachta aistrithe, ón *Iliad*, le Homer Leabhar XXII.)

SCRÚDÚ SCRÍOFA

- Gan aon leasú
- Gan aon leasú
- Ceist 3

3 A (i) agus 3 B (i) Laghdaigh an méid téacs atá leagtha síos a bhfuil staidéar le déanamh air** (féach thíos)

3 A (ii) Rogha inmheánach mhéadaithe: Freagair trí cinn ar bith as seacht gceist san iomlán

3 B (ii) Rogha inmheánach mhéadaithe: Freagair trí cinn ar bith as seacht gceist san iomlán
- Ceist 4

Freagair trí cinn ar bith as liosta d'ocht gceist. (Baintear an gá le freagra a thabhairt ó roinn A agus roinn B araon.) Clúdóidh na hocht gceist an réimse céanna ábhar (ar stair, ealaín agus ailtireacht, agus litríocht) agus mar a bhí sna blianta roimhe sin.

Laghdú ar an Téacs atá leagtha síos

Ardteistiméireacht (Ardleibhéal) in 2022:

The Joint Association of Classical Teachers' Greek Course: *The Intellectual Revolution* (arna fhoilsiú ag Cambridge University Press, 2ú eagrán 2015) – Cuid I Eurípides, lgh 7 – 38, gach leathanach san áireamh (chomh fada le líne 450, deireadh Mhír 23). (Sleachta sa Ghréigis agus sleachta aistrithe ó *Medeia* de chuid Eurípides).

Nó

The Joint Association of Classical Teachers' Greek Course: *A World of Heroes* (arna fhoilsiú ag Cambridge University Press, 2ú eagrán 2015) – Cuid II Herodotus, lgh 82 – 112, gach leathanach san áireamh, (chomh fada le líne 323, deireadh Mhír 30). (Sleachta sa Ghréigis agus sleachta aistrithe ó Herodotus I agus VII).



LEIBHÉAL

SOCRÚ REATHA

ATHRÚ I SCRÚDÚ 2022

Gnáth

SCRÚDÚ SCRÍOFA

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Iomlán de thrí cheist

- Ceist 1
- Ceist 2
Téacs atá leagtha síos* (féach thíos)
Freagra Cuid (i) Aistrigh ón nGréigis agus
Cuid (ii) Freagair ceithre cheist ar bith as sé
cheist san iomlán
- Ceist 3
Freagair trí cheist (ar stair, ealaín agus
ailtireacht, agus litríocht).
Ceann ó roinn A (ceithre cheist san iomlán).
Ceann ó roinn B (ceithre cheist san iomlán).
Agus ceann ó cheachtar roinn.

*Téacs atá leagtha síos

Reading Greek – Text and Vocabulary (arna fhoilsiú ag Cambridge University Press, an 2ú leagan 2007), Ranna Cúig Déag go Fiche (iad ar fad san áireamh).

- Gan aon leasú
- 2 (i) Laghdú ar an méid den téacs atá leagtha síos atá le foghlaim** (féach thíos)
2 (ii) Rogha inmheánach a mhéadú: Freagair ceithre cheist ar bith as ocht gceist san iomlán
- Freagair trí cinn ar bith as liosta d'ocht gceist. (Baintear an gá le freagra a thabhairt ó roinn A agus roinn B araon.) Clúdóidh na hocht gceist an réimse céanna ábhar (ar stair, ealaín agus ailtireacht, agus litríocht) agus mar a bhí sna blianta roimhe sin.

**Téacs atá leagtha síos laghdaithe

The Joint Association of Classical Teachers' Greek Course: *Reading Greek – Text and Vocabulary* (arna fhoilsiú ag Cambridge University Press, an 2ú leagan 2007), Ranna a Cúig Déag go naoi déag (iad ar fad san áireamh).



LEIBHÉAL

Ard & Gnáth

SOCRÚ REATHA

SCRÚDÚ SCRÍOFA

ATHRÚ | SCRÚDÚ 2022

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Gan aon leasú.

Tá rogha an-leathan cheana féin sa scrúdú seo.



LEIBHÉAL

SOCRÚ REATHA

ATHRÚ I SCRÚDÚ 2022

Ard & Gnáth

LÉAMHTHUISCINT

LÉAMHTHUISCINT

Gan aon leasú.

LITRÍOCHT

LITRÍOCHT

Caithfidh iarrthóirí freagra a thabhairt ar an dá cheist a leagtar amach in dhá cheann ar bith de na trí réimse a leanas:

- An Córán (35 mharc X 2)
- Véarsaíocht chlasaiceach na hAraibise (35 mharc X 2)
- Prós nua-aimseartha na hAraibise (35 mharc X 2)

San iomlán freagraíonn iarrthóirí ceithre cheist sa chuid litríochta den pháipéar.

Cuirfear méadú ar leibhéal na roghanna ar fáil d'iarrthóirí. Bainfear é sin amach trí: Lena n-áirítear ceist bhreise amháin i ngach ceann de na réimsí a leanas:

- An Córán (35 mharc X 3)
- Véarsaíocht chlasaiceach na hAraibise (35 mharc X 3)
- Prós nua-aimseartha na hAraibise (35 mharc X 3)

Bheadh ar iarrthóirí freagra a thabhairt ar aon cheithre cinn de na naoi gceist a chuirtear ar fáil.

ÚSÁID TEANGA/GRAMADACH

ÚSÁID TEANGA/GRAMADACH

Gan aon leasú.

SCRÍBHNEOIREACHT LEANÚNACH/
CUMADÓIREACHTSCRÍBHNEOIREACHT LEANÚNACH/
CUMADÓIREACHT

Gan aon leasú.



EALAÍN (LENA N-ÁIRÍTEAR CEARDAÍOCHT)

LEIBHÉAL

SOCRÚ REATHA

ATHRÚ | SCRÚDÚ 2022

Ard & Gnáth

OBAIR CHÚRSA

Bunaithe ar threoir a d'eisigh CSS, caithfidh gach iarrthóir taighde agus forbairt a dhéanamh ar dhá dhéantúsán agus iad a fhorghníomhú le linn tréimhse obair chúrsa.

**SCRÚDÚ PRAITICIÚIL A NDÉANTAR
FEITHEOIREACHT AIRINATION**

Scrúdú a ndéantar feitheoireacht air ina ndéanann iarrthóirí dhá líníocht de shamhail in dhá staidiúir shocraithe dhifriúla.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Trí chuid -

- Ealaín na hÉireann
- Ealaín na hEorpa (1,000 AD – an lá atá inniu ann),
- Tuiscint don Ealaín

Freagair ceist amháin ó gach roinn.

OBAIR CHÚRSA

Déanfaidh gach iarrthóir taighde agus forbairt ar aon déantúsán amháin é a fhorghníomhú le linn na tréimhse céanna oibre is gnách. Eiseofar an fhaisnéis níos luaithe le dáta deiridh lár mhí an Mhárta.

**SCRÚDÚ PRAITICIÚIL A NDÉANTAR
FEITHEOIREACHT AIRINATION**

Ní dhéanfar an chomhpháirt seo a mheas in 2022

Ní dhéanfar na marcanna a bhaineann leis an gcomhpháirt seo a ath-leithdháileadh agus déanfar Ealaín a mharcáil agus a ghrádú ag úsáid na gcomhpháirteanna eile bunaithe ar a ngnáth-leithdháiltí marcanna.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Trí chuid -

- Ealaín na hÉireann
- Ealaín na hEorpa (1,000 AD – an lá atá inniu ann),
- Tuiscint don Ealaín

Freagair trí cheist san iomlán: ceist amháin ó dhá roinn ar bith agus an tríú cheist ó aon cheann de na trí roinn.



LEIBHÉAL

SOCRÚ REATHA

ATHRÚ | SCRÚDÚ 2022

Ard & Gnáth

SCRÚDÚ SCRÍOFA

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Páipéar roinnte ina thrí chuid; A, B agus C.
Is é 400 marc an marc iomlán don pháipéar.
Páipéar 3 huairé an chloig ar an dá leibhéal.

Roinn A. - ceisteanna gearra (C1 go C6) - cúig
cheist le freagairt as sé cheist.

Roinn B. - Ceisteanna praiticiúla éigeantacha
(Ceist 7 go Ceist 9) - dhá cheist as trí cheist le
freagairt. (Tá 22 gníomhaíocht éigeantach ag an
gcúrsa).

Roinn C - Ceisteanna fada (C10 go C15) -
ceithre cheist le déanamh as sé cheist. Tá dhá
chuid as trí chuid le déanamh go himheánach
ag dhá cheann de na ceisteanna fada. Bronntar
60 marc an ceann ar cheisteanna.

Cuirfear rogha mhéadaithe ar fáil trí
cheisteanna breise a sholáthar. I Roinn A beidh
ceisteanna 1 go 7 (ceisteanna 1 go 6 roimhe
seo). I Roinn B beidh ceisteanna 8 go 10
(ceisteanna 7 go 9 roimhe seo) agus i Roinn C
beidh ceisteanna 11 go 17 (ceisteanna 10 go 15
roimhe seo).

Roinn A - Cuimseofar ceist ghearr amháin
bhreise - Ceisteanna 1, 2, 3, 4, 5, 6 agus 7.
Freagróidh na hiarrthóirí aon chúig cheist as
seacht gceist.

Roinn B - aillíneofar gach ceann de na trí cheist
le haonad foghlama ar leith nó le cuid d'aonad:

- Measúnófar gníomhaíochtaí ó Aonad 1,
fo-aonad 2.1 agus 2.5 ag Ceist 8 - ocht
gcleachtadh san iomlán.
- Ní bheidh ach gníomhaíochtaí ó fho-aonad
2.2 ag C9. - seacht gcleachtadh san iomlán
(ceann amháin ag an ard leibhéal).
- Ní bheidh ach gníomhaíochtaí ó Aonad 3
ag C10 - seacht gcleachtadh san iomlán.

Roinn C. - Rogha a mhéadú trí cheisteanna
breise a áireamh

- Tabharfar isteach ceist fhada iomlán
bhreise ie chomh maith le C13 beidh C14
struchtúrtha ar an gcaoi chéanna.
- Cuirfear cuid (d) bhreise leis an dá cheist
seo a leanas C16 agus C17 (C14 agus C15
roimhe seo). I ngach ceann den dá cheist
seo beidh rogha de cheithre chuid ag
iarrthóirí le dha chuid ar bith a fhreagairt.



AN TSRAITH SHINSEARACH GNÓ

LEIBHÉAL

Ard

SOCRÚ REATHA

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Cuid 1 - Ceisteanna Gearra
Freagair ocht gceist as 10 gceist.

Roinn 2 - ABQ (4, 5, 6),
Aonaid 4, 5, 6

Cuid 3 - Ceisteanna Fada
Ceisteanna Fada - ceithre cheist le freagairt
Ceist amháin le freagairt ó Chuid 1, dhá cheist
le freagairt ó Chuid 2, agus an 4 ú cheist le
freagairt ó Chuid 1 nó 2

ATHRÚ I SCRÚDÚ 2022

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Freagair ocht gceist as 12 cheist.

Gan aon leasú. Mar sin féin, i bhfianaise na
rogha a tugadh isteach sa scrúdú, beidh CSS
feasach ar líon focal an ABQ.

Cuid 1 agus Cuid 2 - rogha mhéadaithe le
ceithre cheist i ngach ceann (ie ceist bhreise
amháin i gcuid 1)

Ní mór d'iarrthóirí 1 cheist amháin a fhreagairt
ó Chuid 1 agus 1 cheist amháin a fhreagairt ó
Chuid 2 & dhá cheist ar bith eile a fhreagairt.



AN TSRAITH SHINSEARACH GNÓ

LEIBHÉAL

Gnáth

SOCRÚ REATHA

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Cuid 1 - Ceisteanna Gearra
Freagair 10 gceist as 15 cheist

Roinn 2 - Ceisteanna Fada
1 cheist le freagairt ó Chuid 1 agus 2 cheist ó Chuid 2, agus an 4ú cheist ó Chuid 1 nó ó Chuid 2

ATHRÚ I SCRÚDÚ 2022

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Gan aon leasú.

Cuid 1 agus Cuid 2 - rogha mhéadaithe le ceithre cheist i ngach ceann (ie ceist bhreise amháin i gcuid 1)

Ní mór d'iarrthóirí ceist amháin ó Chuid 1 agus ceist amháin ó Chuid 2 a fhreagairt & dhá cheist ar bith eile.



LEIBHÉAL

Ard & Gnáth

SOCRÚ REATHA

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Socrú reatha:

Freagair ocht gceist ar fad; caithfidh dhá cheist ar a laghad as Roinn A a bheith san áireamh anseo.

Tá C4 (k) agus C11 (c) bunaithe ar na Roghanna.

ATHRÚ I SCRÚDÚ 2022

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Leasú:

Freagair ocht gceist ar bith.

Beidh 12 chuid i gCeist 4 agus caithfear 8 a fhreagairt. Beidh an chéad 11 chuid, 4(a) go 4(k), bunaithe ar an Siollabas Lárnach, agus beidh Ceist 4(l) bunaithe ar na Roghanna.

Beidh 4 chuid i gceist 11 agus caithfear dhá cheann a fhreagairt. Beidh Ceist 11(a) agus Ceist 11(c) bunaithe ar an Siollabas Lárnach agus beidh Ceist 11(d) bunaithe ar na Roghanna.

Tá Ceist 4(l) agus 11(d) sa áireamh chun freastal ar na múinteoirí agus na scoláirí a chaith am ar na Roghanna le linn an chúigiú bhliain.



STAIDEÁR CLASAICEACH

LEIBHÉAL

SOCRÚ REATHA

ATHRÚ | SCRÚDÚ 2022

Ard & Gnáth

SCRÚDÚ SCRÍOFA

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Tá an páipéar scrúdaithe roinnte ina thrí Ghrúpa. Tríd is tríd, tá an chéad Ghrúpa stairiúil, an dara ceann liteartha agus baineann an tríú ceann leis an ealaín/an ailtireacht (le fealsúnacht). Tá roinnt Ábhar i ngach Grúpa. Tá ceithre cheist i ngach Ábhar. Ní mór d'iarrthóirí ceithre Ábhar a roghnú. Caithfidh siad Ábhar amháin a roghnú as gach Grúpa agus is féidir leo an ceathrú hÁbhar a roghnú as aon Ghrúpa. Roghnaíonn iarrthóirí a gcuid ceisteanna mar a leanas: dhá cheist as dhá cheann de na hÁbhair roghnaithe acu agus ceist amháin as gach ceann den dá Ábhar eile.

Ní mór d'iarrthóirí freagra a thabhairt ar cheist amháin as Ábhar i ngach ceann den trí Ghrúpa. Ansin is féidir leo na trí cheist atá fágtha acu a roghnú as aon Ábhar, suas go dtí trí cheist ar a mhéad ó aon Ábhar amháin.



EOLAÍOCHT RÍOMHAIREACHTA

LEIBHÉAL

SOCRÚ REATHA

ATHRÚ | SCRÚDÚ 2022

Ard

OBAIR CHÚRSA: COMHLEIBHÉAL

Le comhlánú thar dheich seachtaine, ag tosú i mí Eanáir, chun déantúsán ríomhaireachtúil agus tuarascáil 2500 focal a chruthú. Tá an obair chúrsa bunaithe ar Shnáithe 3 den tsonraíocht churaclaim, agus aon cheann nó gach ceann de na ceithre Thasc Foghlama Feidhmí á meas.

In 2020 bhí trí ghné bhunúsacha agus ceithre ardghné ag baint leis an déantúsán ríomhaireachtúil.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Roinn A. - comhlánaigh gach ceann den 12 cheist ghearra

Roinn B. - comhlánaigh na 3 cheist fhada

Roinn C. - comhlánaigh 1 cheist ríomhchlárúcháin

Déantar teangacha ríomhchlárúcháin Javascript, HTML agus Python a mheas.

SCRÚDÚ AR AN OBAIR CHÚRSA

- Méadófar ar an tréimhse ama chun an tionscadal a chríochnú go 12 sheachtain. Eiseofar an mionteagasc ar an gCéadaoin an 15 Nollaig 2021 agus is é an dáta deiridh lena chur chun críche ná Dé Máirt, an 22 Márta 2022.
- Cuirfear múinteoirí ar an eolas maidir le cé acu dhá cheann de na ceithre Thasc um Fhoghlaim Fheidhmeach (TFFanna) a bheidh mar phríomhfhócas san obair chúrsa do 2022. Ligfidh sé seo do mhúinteoirí díriú go príomha ar an dá TFF sin idir mí Meán Fómhair agus eisiúint na faisnéise maidir leis an obair chúrsa i mí na Nollag. Bheadh cead fós ag iarrthóirí na scileanna a ghnóthaigh siad ón dá TFF eile a úsáid, má rinneadh staidéar orthu, ach go mbeidís in ann an tionscadal obair chúrsa a chríochnú go leordhóthanach gan ach an dá TFF liostaithe críochnaithe acu.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Roinn A - comhlánaigh 9 gceist as 12 cheist ghearra.

Roinn B - comhlánaigh dhá cheist as trí cheist fhada.

Roinn C - ní bheidh ach dhá chuid sa cheist, seachas trí cinn mar a bhí le feiceáil sa pháipéar samplach. Beidh ceist oscailte i gcuid (b) agus tabharfar cead d'iarrthóirí a réiteach féin ar thasc ríomhchlárú a dhearadh.

Is é Python an t-aon teanga ríomhchlárúcháin atá le measúnú sa scrúdpháipéar.



LEIBHÉAL

SOCRÚ REATHA

ATHRÚ | SCRÚDÚ 2022

Gnáth

OBAIR CHÚRSA: COMHLEIBHÉAL

Le comhlánú thar dheich seachtaine, ag tosú i mí Eanáir, chun déantúsán ríomhaireachtúil a chruthú agus tuarascáil 2500 focal a scríobh. Tá an obair chúrsa bunaithe ar Shnáithe 3 den tsonraíocht churaclaim, agus aon cheann nó gach ceann de na ceithre Thasc Foghlama Feidhmí á meas.

In 2020 bhí trí ghné bhunúsacha agus ceithre ardghné ag baint leis an déantúsán ríomhaireachtúil.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Roinn A - comhlánaigh an 12 cheist ghearra go léir

Roinn B - comhlánaigh na 3 cheist fhada

Roinn C - comhlánaigh 1 cheist ríomhchlárúcháin

Déantar teangacha ríomhchlárúcháin Javascript, HTML agus Python a mheas.

SCRÚDÚ AR AN OBAIR CHÚRSA

- Méadófar ar an tréimhse ama chun an tionscadal a chríochnú go 12 sheachtain. Eiseofar an mionteagasc ar an gCéadaoin an 15 Nollaig 2021 agus is é an dáta deiridh lena chur chun críche ná Dé Máirt, an 22 Márta 2022.
- Cuirfear múinteoirí ar an eolas maidir le cé acu dhá cheann de na ceithre Thasc um Fhoghlaim Fheidhmeach (TFFanna) a bheidh mar phríomhfhócas san obair chúrsa do 2022. Ligfidh sé seo do mhúinteoirí díriú go príomha ar an dá TFF sin idir mí Meán Fómhair agus eisiúint na faisnéise maidir leis an obair chúrsa i mí na Nollag. Bheadh cead fós ag iarrthóirí na scileanna a ghnóthaigh siad ón dá TFF eile a úsáid, má rinneadh staidéar orthu, ach go mbeidís in ann an tionscadal obair chúrsa a chríochnú go leordhóthanach gan ach an dá TFF liostaithe críochnaithe acu.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Roinn A - comhlánaigh 9 gceist as 12 cheist ghearra.

Roinn B - comhlánaigh dhá cheist as trí cheist fhada.

Roinn C - ní bheidh ach dhá chuid sa cheist, seachas trí cinn mar a bhí le feiceáil sa pháipéar samplach. Beidh ceist oscailte i gcuid (b) agus tabharfar cead d'iarrthóirí a réiteach féin ar thasc ríomhchlárú a dhearadh.

Is é Python an t-aon teanga ríomhchlárúcháin atá le measúnú sa scrúdpháipéar.



STAIDEÁR FOIRGNÍOCHTA

LEIBHÉAL

SOCRÚ REATHA

ATHRÚ | SCRÚDÚ 2022

Ard

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Caithfidh iarrthóirí freagra a thabhairt ar Cheist 1 (éigeantach) (60 marc) agus ceithre cheist eile ó naoi (60 marc an ceann).

TÁSTÁIL SCILEANNA PRAITICIÚLA (COMHLEIBHÉAL)

Iarrtar ar iarrthóirí tástáil scille phraiticiúil 4 uair a chloig a dhéanamh sa chéad seachtain de Bhealtaine.

COMHPHÁIRT: OBAIR CHÚRSA (COMHLEIBHÉAL)

Ní mór d'iarrthóirí déantúsán, fóilió dearaidh agus trí thurgnamh a chur isteach mar chuid dá n-obair chúrsa. Caithfidh an obair chúrsa a bheith críochnaithe faoin Aoine dheireanach i mí Aibreáin.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Rogha mhéadaithe sa scrúdú scríofa. Iarrthóirí le cúig ó 10 gceist a fhreagairt.

TÁSTÁIL SCILEANNA PRAITICIÚLA (COMHLEIBHÉAL)

Gan aon leasú.

COMHPHÁIRT: OBAIR CHÚRSA (COMHLEIBHÉAL)

- Bainfear an ceanglas maidir le turgnaimh do scrúduithe 2022. Déanfar na marcanna a ath-leithdháileadh ar fud na gcodanna eile den scéim mharcála don déantúsán (50 %) agus fóilió dearaidh (50 %).
- 'Treoir d'iarrthóirí' maidir le hobair chúrsa 2022 le heisiúint go luath i mí Mheán Fómhair in ionad mhí na Samhna.
- Sa doiciméad 'Treoir d'iarrthóirí', beidh an scéim mharcála athbhreithnithe san áireamh ina leagtar béim ar riachtanais obair chúrsa, leithdháiltí marcanna do 2022 agus moladh le heisiúint chun comhairle a thabhairt d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí machnamh cúramach a dhéanamh ar roghnú obair chúrsa in 2022 i bhfianaise na tréimhse dúnta scoile sa scoilbhliain 2020/21 agus cailteanas breise a d'fhéadfadh tarlú in athuair.



STAIÉAR FOIRGNÍOCHTA

LEIBHÉAL

SOCRÚ REATHA

ATHRÚ | SCRÚDÚ 2022

Gnáth

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Caithfidh iarrthóirí freagra a thabhairt ar Cheist 1 (éigeantach) (50 marc) agus trí cheist eile as ocht gceist (50 marc an ceann).

TÁSTÁIL SCILEANNA PRAITICIÚLA (COMHLEIBHÉAL)

Iarrtar ar iarrthóirí tástáil scille phraiticiúil 4 uair a chloig a dhéanamh sa chéad seachtain de Bhealtaine.

COMHPHÁIRT: OBAIR CHÚRSA (COMHLEIBHÉAL)

Ní mór d'iarrthóirí déantúsán, fóilió dearaidh agus trí thurgnamh a chur isteach mar chuid dá gcuid obair chúrsa. Caithfidh an obair chúrsa a bheith críochnaithe faoin Aoine deireanach i mí Aibreáin.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Rogha mhéadaithe sa scrúdú scríofa. Iarrthóirí le ar bith ceithre cheist ó naoi a fhreagairt.

TÁSTÁIL SCILEANNA PRAITICIÚLA (COMHLEIBHÉAL)

Gan aon leasú.

COMHPHÁIRT: OBAIR CHÚRSA (COMHLEIBHÉAL)

- Bainfear an ceanglas maidir le turgnaimh do scrúduithe 2022. Déanfar na marcanna a ath-leithdháileadh ar fud na gcodanna eile den scéim mharcála don déantúsán (50 %) agus fóilió dearaidh (50 %).
- 'Treoir d'iarrthóirí' maidir le hobair chúrsa 2022 le heisiúint go luath i mí Mheán Fómhair in ionad mhí na Samhna.
- Sa doiciméad 'Treoracha d'iarrthóirí', beidh an scéim mharcála athbhreithnithe san áireamh ina leagtar béim ar riachtanais obair chúrsa, leithdháiltí marcanna do 2022 agus moladh le heisiúint chun comhairle a thabhairt maidir le breithniú a dhéanamh ar roghnú obair chúrsa in 2022 i bhfianaise na tréimhse dúnta scoile sa scoilbhliain 2020/21 agus cailteanas breise a d'fhéadfadh tarlú in athuair.



TASC DALTAÍ

Aschur 1: leathanach nó dó a mholtar
 Aschur 2: Dhá leathanach nó trí a mholtar
 Aschur 3 Leathanach amháin a mholtar
 50 Marc

Aschur 4: Comhad cóimeála leictreonach
 amháin, móide codanna comhaid
 neamhtheoranta. Comhad eDrawing

Aschur 5: Cruachóipeanna SolidWorks -dhá go
 ceithre leathanach a mholtar.
 Aschur 6: Ich. amháin
 Aschur 7: Dhá go ceithre leathanach a mholtar.
 Aschur 8: Leathanach amháin a mholtar.
 Aschur 9: Dhá go ceithre leathanach a mholtar
 móide comhaid Leictreonacha SolidWorks.
 60 Marc

Gan aon srian ar chodanna a cruthaítear
 Punann iomlán: 14 leathanach ar a mhéad.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Socrú reatha:
 Roinn A (Príomhchuid): Ceithre cheist, freagair
 trí cheist ar bith. Is fiú 20 marc an ceann gach
 ceist i Roinn A.

Roinn B (Príomhchuid): Trí cheist, freagair dhá
 cheist ar bith. Is fiú 45 marc an ceann gach ceist
 i Roinn B.

Roinn C (Roghnach): Cúig cheist, freagair aon
 dá cheist ar bith de na roghanna a ndearna tú
 staidéar orthu. Is fiú 45 marc an ceann gach
 ceist i Roinn C.

TASC DALTAÍ

Aschur 1 & Aschur 2 le comhcheangal: trí
 leathanach ar a mhéad a mholtar
 Aschur 2 (a bhíodh mar Aschur 3): Moltar
 leathanach amháin ar a mhéad
 50 Marc

Aschur 3 (a bhíodh mar Aschur 4): Comhad
 cóimeála leictreonach amháin ar a mhéad,
 móide uasmhéid de 10 gcuid comhaid (gan níos
 lú ná cúig cinn ar a laghad), nuair is iomchuí.
 Comhad eDrawing
 Aschur 4 (a bhíodh mar Aschur 5): Cóipeanna
 crua SolidWorks - dhá Ich a mholtar

Níl an Léiriúchán réalaíoch grianghraif
 (a bhíodh mar Aschur 6) ag teastáil a thuilleadh.
 50 Marc

Aschur 5 (a bhíodh mar Aschur 7): Uasmhéid trí
 Ich. a mholtar
 Aschur 6 (a bhíodh mar Aschur 8): Ich. amháin
 a mholtar
 Aschur 7 (a bhíodh mar Aschur 9): Uasmhéid
 trí Ich a mholtar móide comhaid Leictreonacha
 SolidWorks
 60 Marc

Cúig chuid ar a laghad agus gan níos mó ná 10
 gcuid ann
 Punann iomlán: 10 leathanach ar a mhéad

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Leasú:
 Roinn A (Príomhchuid): Ceithre cheist, freagair
 trí cheist ar bith. Is fiú 20 marc an ceann gach
 ceist i Roinn A.

Roinn B (Príomhchuid): Trí cheist, freagair dhá
 cheist ar bith. Is fiú 60 marc an ceann gach ceist
 i Roinn B.

Roinn C (Roghnach): Cúig cheist, freagair aon
 cheist ar bith de na roghanna a ndearna tú staidéar
 orthu. Is fiú 60 marc an ceann gach ceist i
 Roinn C.



LEIBHÉAL

SOCRÚ REATHA

ATHRÚ I SCRÚDÚ 2022

Gnáth

TASC DALTAÍ

Socrú reatha:

Aschur 1: Ich. amháin nó dhá lch a mholtar

Aschur 2: dhá-trí leathanach a mholtar

Aschur 3: Ich. amháin a mholtar

50 Marc

Aschur 4: 1 chomhad cóimeála leictreonach,
chomh maith le codanna comhaid neamhtheoranta.
Comhad eDrawing

Aschur 5: Cóipeanna crua SolidWorks - Ich. amháin
go trí lch a mholtar

Aschur 6: Ich. amháin

60 Marc

Aschur 7: Ich. amháin nó dhá lch a mholtar

Aschur 8: Ich. amháin a mholtar

Aschur 9: 1 Ich. amháin go trí lch a mholtar móide
comhaid Leictreonacha SolidWorks

50 Marc

Gan aon srian ar chodanna a chruthaítear

Punann iomlán: 12 leathanach ar a mhéad

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Roinn A (Príomhchuid): Ceithre cheist, freagair trí
cheist ar bith. Tá 20 marc an ceann ag gabháil le
gach ceist i Roinn A.

Roinn B (Príomhchuid): Trí cheist, freagair dhá
cheist ar bith. Tá 45 marc an ceann ag gabháil le
gach ceist i Roinn B.

Roinn C (Roghnaigh): Cúig cheist, freagraíonn
iarrthóirí dhá cheist ar bith de na roghanna a
ndearnadh staidéar orthu. Tá 45 marc an ceann ag
gabháil le gach ceist i Roinn C.

TASC DALTAÍ

Leasú:

Aschur 1 & Aschur 2 le comhcheangal: dhá leathanach
ar a mhéad a mholtar

Aschur 2 (a bhíodh mar Aschur 3): Ich. amháin ar a
mhéad a mholtar

50 Marc

Aschur 3 (a bhíodh mar Aschur 4): Comhad cóimeála
leictreonach 1 ar a mhéad, móide uasmhéid de 6 chuid
comhaid, trí ar a laghad. Comhad eDrawing 60 marks

Aschur 4 (a bhíodh mar Aschur 5): Cóipeanna crua
SolidWorks - Uasmhéid dhá lch a mholtar

Níl an léiriúchán réalaíoch grianghraif (a bhíodh mar
Aschur 6) ag teastáil a thuilleadh.

60 Marc

Aschur 5 (a bhíodh mar Aschur 7): Uasmhéid dhá lch a
mholtar

Aschur 6 (a bhíodh mar Aschur 8): Ich. amháin a mholtar
Aschur 7 (a bhíodh mar Aschur 9): Uasmhéid dhá lch a
mholtar móide comhaid Leictreonacha SolidWorks

50 Marc

Gan níos lú ná trí chuid a chruthú agus gan níos mó
ná sé chuid ann.

Punann iomlán: 8 leathanach ar a mhéad

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Roinn A (Príomhchuid): Ceithre cheist, freagair trí
cheist ar bith. Tá 20 marc an ceann ag gabháil le gach
cheist i Roinn A.

Roinn B (Príomhchuid): Trí cheist, freagair dhá cheist
ar bith. Tá 60 marc an ceann ag gabháil le gach ceist i
Roinn B.

Roinn C (Roghnaigh): Cúig cheist, freagraíonn iarrthói-
rí aon cheist ar bith de na roghanna a ndearnadh
staidéar orthu. Tá 60 marc an ceann ag gabháil le
gach ceist i Roinn C.



AN TSRAITH SHINSEARACH EACNAMAÍOCHT

LEIBHÉAL

Ard

SOCRÚ REATHA

TIONSCADAL TAIGHDE DALTAÍ

Eisíodh Sampla Faisnéise le hÁbhair Taighde

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Ceisteanna le Freagraí Gearra
Freagair ocht gCeist Ghearra (rogha
inmheánach laistigh de dhá cheist)

Ceisteanna le Freagraí Fada
Freagair ceithre cheist as cúig cheist le freagraí
fada

ATHRÚ I SCRÚDÚ 2022

TIONSCADAL TAIGHDE DALTAÍ

Faisnéis le heisiúint chuig scoileanna i Meán Fómhair.

Tá tuilleadh eolais maidir le críochnú agus cur isteach an obair chúrsa agus an leabhrán digiteach tuairiscithe do Staidéar Taighde an scoláire ar fáil ar shuíomh gréasáin an CSS.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Freagair ocht gCeist Ghearra as 10 gCeist
Rogha inmheánach laistigh de 3 cheist ag AL -
Freagair (a) agus ceachtar (b) nó (c)

Freagair ceithre cheist as sé cheist le freagraí
fada



AN TSRAITH SHINSEARACH EACNAMAÍOCHT

LEIBHÉAL

Gnáth

SOCRÚ REATHA

TIONSCADAL TAIGHDE DALTAÍ

Eisíodh Sampla Faisnéise le hÁbhair Taighde

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Ceisteanna le Freagraí Gearra

Freagair ocht gceist le freagraí gearra le rogha in dhá cheann de na ceisteanna

Ceisteanna le Freagraí Fada

Freagair ceithre cheist as cúig cheist le freagraí fada

ATHRÚ I SCRÚDÚ 2022

TIONSCADAL TAIGHDE DALTAÍ

Faisnéis le heisiúint chuig scoileanna i Meán Fómhair.

Tá tuilleadh eolais maidir le críochnú agus cur isteach an obair chúrsa agus an leabhrán digiteach tuairiscithe do Staidéar Taighde an scoláire ar fáil ar shuíomh gréasáin an CSS.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Freagair ocht gceist as 10 gceist le freagraí gearra le rogha i dtrí cinn de na ceisteanna ar an ngnáthleibhéal - freagair (a) nó (b)

Freagair ceithre as sé cheist freagartha leathnaithe



LEIBHÉAL

SOCRÚ REATHA

ATHRÚ | SCRÚDÚ 2022

Ard

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Freagraíonn iarrthóirí Roinn A (50 marc) agus Roinn B (50 marc) as Ceist 1 agus Ceithre cheist eile (50 marc an ceann). Iomlán: 300 marc.

TIONSCADAL DEARADH**SCRÚDÚ SCILEANNA PRAITICIÚLA**

Ceanglaítear ar iarrthóirí ábhair a ullmhú agus comhphárteanna a dhéanamh, de réir liosta na n-ábhar agus na líníochtaí a thaispeántar in M74A (ML2), faoi dheireadh mhí Aibreáin 2022, roimh sceideal na Scrúduithe Praiticiúla Innealtóireachta a mhaireann trí lá. Eiseofar M74A (ML2) ó CSS ó lár mhí Dheireadh Fómhair 2021.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Rogha mhéadaithe (Oscailte) sa scrúdú scríofa. Roinn A (50 marc) agus Ceist 1 Roinn B (50 marc), is ceisteanna neamhspleácha iad araon. Iarrtar anois ar iarrthóirí sé cheist ar bith as naoi gceist (50 marc an ceann) a fhreagairt. Iomlán: 300 marc.

TIONSCADAL DEARADH

Eiseofar an tionscadail go luath i Meán Fómhair 2021.

SCRÚDÚ SCILEANNA PRAITICIÚLA

Ní cheanglaítear ar iarrthóirí aon chuid den ábhar a ullmhú don chomhpháirt scrúdaithe seo.

Féadfaidh an múinteoir Innealtóireachta na hábhair a ullmhú, agus na comhphárteanna a bheidh riachtanach don scrúdú a dhéanamh, de réir liosta na n-ábhar agus na líníochtaí a eiseofar ón CSS in M74A(ML1). De rogha ar sin, d'fheadfadh an scoil an obair ullmhúcháin seo a fhoinníú allamuigh.

Leasófar an scéim mharcála don chomhpháirt seo toisc nach mbronnfar marcanna ar bith ar iarrthóirí as obair ullmhaithe. Leithdháilfear na marcanna sin ar na codanna eile den scéim mharcála.



LEIBHÉAL

SOCRÚ REATHA

ATHRÚ | SCRÚDÚ 2022

Gnáth

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Freagraíonn iarrthóirí Roinn A (30 marc) agus Roinn B (35 mharc) as Ceist 1 agus trí cheist eile (45 marc an ceann). Iomlán: 200 Marc

I Roinn A, ceist 1 iarrtar ar iarrthóirí sé chuid as ocht gcuid a fhreagairt agus i Roinn B iarrtar ar iarrthóirí trí chuid as cúig chuid a fhreagairt.

DESIGN PROJECT**SCRÚDÚ SCILEANNA PRAITICIÚLA**

Ceanglaítear ar iarrthóirí ábhair a ullmhú agus comhpháirteanna a dhéanamh, de réir liosta na n-ábhar agus na líníochtaí a thaispeántar in M74A(ML2), faoi dheireadh mhí Aibreáin 2022, roimh sceideal thrí lá na Scrúduithe Praiticiúla Innealtóireachta. Eisíonn M74A (ML2) ó CSS ó lár mhí Dheireadh Fómhair 2021.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Cuir Ranna A agus Roinn B de Cheist 1 le chéile chun ceist neamhspleách a chruthú ar fiú 50 marc í anois.

Sa cheist a haon nua seo, iarrtar ar iarrthóirí ocht gcuid ar bith as trí chuid déag a fhreagairt.

Méadófar na hiomláin marcála do na ceisteanna eile ó 45 go 50 marc.

Iarrfar ar iarrthóirí ceithre cheist ar bith as seacht gceist (50 marc an ceann) a fhreagairt. Iomlán: 200 marc.

DESIGN PROJECT

Eiseofar an tionscadail go luath i Meán Fómhair 2021.

SCRÚDÚ SCILEANNA PRAITICIÚLA

Níl iarrthóirí le baint a bheith acu le hábhar a ullmhú don chomhpháirt scrúdaithe seo.

Féadfaidh an múinteoir Innealtóireachta na hábhair a ullmhú, agus na comhpháirteanna a bheidh riachtanach don scrúdú a dhéanamh, de réir liosta na n-ábhar agus na líníochtaí a eiseofar ón CSS in M74A(ML1). De rogha ar sin, d'fheadfadh an scoil an obair ullmhúcháin seo a fhoinsiú allamuigh.

Leasófar an scéim mharcála don chomhpháirt seo toisc nach mbronnfar marcanna ar bith ar iarrthóirí as obair ullmhaithe. Leithdháilfear na marcanna sin ar na codanna eile den scéim mharcála.



LEIBHÉAL

Ard

SOCRÚ REATHA

PÁIPÉAR SCRÚDAITHE SCRÍOFA 1

PÁIPÉAR SCRÚDAITHE SCRÍOFA 2

Roinn I: Téacs Aonair - iarrtar ar iarrthóirí ceist amháin as dhá cheist a fhreagairt.

Roinn II: Staidéar Comparáideach
Bíonn rogha ceisteanna ag iarrthóirí (ceist amháin as dhá cheist le déanamh) ar gach ceann de dhá cheann de na trí mhodh a leagadh síos le haghaidh staidéir i mbliain ar leith.

Roinn III: Filíocht
Socrú reatha:

Cuid A: Filíocht nach bhfacthas riamh roimhe - iarrtar ar iarrthóirí ceist amháin as dhá cheist a fhreagairt.

Cuid B: Filíocht fhorordaithe - éilítear ar iarrthóirí ceist amháin as ceithre cheist a fhreagairt.

ATHRÚ I SCRÚDÚ 2022

PÁIPÉAR SCRÚDAITHE SCRÍOFA 1

Roinn I, Léamhthuisicint: Gan aon leasú.
Roinn II, Cumadóireacht: Gan aon leasú.

PÁIPÉAR SCRÚDAITHE SCRÍOFA 2

Roinn I, Téacs Aonair: Gan aon leasú.
Roinn II, An Staidéar Comparáideach: Cuirfear ceisteanna ar gach ceann den trí mhodh a leagadh síos don scrúdú in 2022. Ní mór d'iarrthóirí freagra a thabhairt ar mhodh amháin.

Fanfaidh an rogha de cheisteanna inmheánacha laistigh de mhodhanna mar an gcéanna.
Ní mór d'iarrthóirí tagairt a dhéanamh do dhá théacs ar a laghad sna freagraí a thugann siad ar cheisteanna aonair (ar fiú 70 marc iad).
Beidh na critéir chéanna measúnaithe i bhfeidhm d'iarrthóirí, is cuma má thagraíonn siad do dhá théacs nó do thrí cinn, agus iad ag freagairt ceisteanna ar fiú 70 marc iad i Roinn II ar Pháipéar 2 de scrúdú Béarla na hArdteistiméireachta Ardleibhéal, an Staidéar Comparáideach.
I gcás ceisteanna atá i ndá chuid (ar fiú 30 nó 40 marc iad), ní mór d'iarrthóirí tagairt a dhéanamh do théacs amháin mar fhreagra ar chuid (a) agus tagairt a dhéanamh do dhá théacs eile mar fhreagra ar chuid (b).

Tá na riachtanais tagartha atá leagtha amach thuas á léiriú i Roinn II den scrúdphaipéar 2013.
Mar is iondúil, ní mór d'iarrthóirí freagra a thabhairt ar dhráma Shakespeare. Is féidir leo é sin a dhéanamh i Roinn I, An Téacs Aonair (Othello) nó i Roinn II, an Staidéar Comparáideach (Macbeth, Othello).

Roinn III, Filíocht:

Cuid A: Filíocht nach bhfacthas riamh roimhe - Gan aon leasú.

Cuid B: Filíocht fhorordaithe - Cuirfear ceist bhreise ar an bhfilíocht san áireamh, sé sin, éilítear ar iarrthóirí ceist amháin as cúig cheist a fhreagairt.



LEIBHÉAL

SOCRÚ REATHA

ATHRÚ I SCRÚDÚ 2022

Gnáth

PÁIPÉAR SCRÚDAITHE SCRÍOFA 1**PÁIPÉAR SCRÚDAITHE SCRÍOFA 2**

Roinn I: Téacs Aonair - Iarrtar ar iarrthóirí trí cheist a fhreagairt.

Tá Ceist 1 (10 marc X2) agus Ceist 2 (10 marc) éigeantach. Tá rogha ag iarrthóirí idir trí mhír thástála chun ceann amháin i gCeist 3 a fhreagairt (30 marc an ceann)

Roinn II: Staidéar Comparáideach

Tá rogha ceisteanna ag iarrthóirí (dhá cheist, ceist amháin le déanamh) ar gach ceann de dhá cheann de na trí mhodh a leagadh amach le haghaidh staidéir i mbliain ar leith.

Roinn III: Filíocht

Cuid A: Filíocht nach bhfacthas riamh roimhe - Iarrtar ar iarrthóirí na ceisteanna ar fad a fhreagairt.

Cuid B: Filíocht fhorordaithe - ceanglaítear ar iarrthóirí freagra a thabhairt ar dán amháin as ceithre dhán. Tá dhá cheist bunaithe ar liosta na ndánta le filí atá ar an gcúrsa Ardleibhéal agus ar an gcúrsa Gnáthleibhéal araon, agus dhá cheann ó liosta na ndánta a fhorordaítear le haghaidh staidéir ag an nGnáthleibhéal amháin.

Ceanglaítear ar iarrthóirí Ceist.1 a fhreagairt agus mír thástála amháin a fhreagairt as rogha de thrí cinn i gCeist 2.

PÁIPÉAR SCRÚDAITHE SCRÍOFA 1

Gan aon leasú.

PÁIPÉAR SCRÚDAITHE SCRÍOFA 2

Roinn I, Téacs Aonair:

Ní bheidh aon cheist éigeantach ann. Iarrfar ar iarrthóirí dhá cheann ar bith de na ceithre cheist ar an bpáipéar a fhreagairt. Is fiú 30 marc gach ceist. Bainfear an t-athrú sin amach trí Cheist 1 & Ceist 2 reatha a chónascadh in aon cheist amháin ina mbeidh trí chuid (10 marc X 3) agus gach cuid de Cheist 3 reatha a ainmniú mar thrí cheist aonair ar fiú 30 marc iad. Leathnóidh an t-athrú seo rogha an iarrthóra.

Roinn II, An Staidéar Comparáideach:

Cuirfear ceisteanna sa scrúdpháipéar ar gach ceann den trí mhodh a leagadh síos don scrúdú in 2022. Fanfaidh an rogha inmheánach mar an gcéanna.

Roinn III, Filíocht

Ceist A: Dán nach bhfacthas riamh roimhe – gan aon leasú.

Ceist B: Filíocht fhorordaithe:

Cuirfear dhá dhán breise san áireamh ar an scrúdpháipéar- ceann ó liosta dánta le filí atá ar an gcúrsa Ardleibhéal agus ar an gcúrsa Gnáthleibhéal araon, agus ceann amháin as, liosta na ndánta a fhorordaítear le haghaidh staidéir ag an nGnáthleibhéal amháin. Ní mór d' iarrthóirí freagra a thabhairt ar dhán amháin as sé dhán. Fanfaidh an rogha inmheánach mar an gcéanna.



LEIBHÉAL

SOCRÚ REATHA

ATHRÚ I SCRÚDÚ 2022

Ard

BÉALTRAIL

Comhrá ginearálta dhá nóiméad déag lena n-áirítear plé ar “Dhoiciméad” roghnach.

LÉAMHTHUISCINT**SCRÚDÚ SCRÍOFA**

Roinn A. - dhá léamhthuisicint (120 marc)
Píosa iriseoireachta amháin agus píosa liteartha amháin, 60 marc an ceann.

Roinn B. - Cumas scríofa (100 marc)
Tá ceist 1 éigeantach. Úsáideann sé na léamhthuisicintí mar phreabchlár. Freagra (a) nó (b) - 40 marc (thart ar 90 focal)
Freagair dhá cheist eile ó Cheisteanna 2, 3 agus 4. Tá dhá chuid ag gach ceist, (a) nó (b) - 30marc (75 focal gach ceann.)
(D’fhéadfadh sé go n-áireofaí ar cheisteanna iontráil dialainne, r-phost, píosaí tuairime srl...)

BÉALTRAIL

